

Gné 3: Téamaí *Aistear*

Gníomh C: Téamaí agus spriocanna foghlama *Aistear* a thaiscéaladh

Cuireadh téamaí *Aistear* i láthair i nGníomh A agus féachadh ar na naisc idir iad sin agus an obair laethúil a dhéanann tú le leanaí. I nGníomh B, cabhraíodh leat dul i dtaithí níos mó ar na haidhmeanna i ngach ceann de na ceithre théama. Tá na haidhmeanna sin roinnte ina dhiaidh sin ina spriocanna foghlama

Anois, tacaíonn Gníomh C leat dul i dtaithí ar na spriocanna foghlama sin le hEispéiris Foghlama ó *Aistear*. Tá trí ghrúpa d'Eispéiris Foghlama anseo thíos – baineann grúpa amháin le naíonáin, baineann grúpa eile le lapadáin, agus baineann an grúpa deiridh le leanaí. Tá ceithre cinn d'Eispéiris Foghlama ag baint le gach grúpa – eispéireas ó gach ceann de théamaí *Aistear*.

1. Roghnaigh an grúpa a oireann d'aois na leanaí lena mbíonn tú ag obair.
2. Féach ar na spriocanna foghlama i ngach ceann de na ceithre théama in *Aistear*, nó déan iad a phriontáil, trí chliceáil ar na naisc thíos
3. Léigh gach Eispéireas Foghlama.
4. Féach ar na haidhmeanna agus ar na spriocanna foghlama sa téama ábhartha agus roghnaigh an aidhm agus an sprioc foghlama is mó lena mbaineann an eispéireas.
5. Féach ar an tábla ag deireadh an ghnímh seo chun do fhreagraí a sheiceáil.

Spriocanna foghlama Aistear a thaiscéaladh

- Póstaer maidir le *Folláine agus Leas*
- Póstaer maidir le *Féiniúlacht agus Muintearas*
- Póstaer maidir le *Cumarsáid*
- Póstaer maidir le *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

Grúpa 1: Eispéireas Foghlama do naíonáin

Folláine agus Leas

Is bainisteoir ar sheomra na naíonán i naíolann í Diane. Bíonn sí féin agus a cúntóir Monique an-chúramach chun an timpeallacht a leagan amach le haghaidh an tseisir naíonán atá faoina gcúram. Labhraíonn siad leis na tuismitheoirí, bíonn siad ag féachaint ar na naíonáin agus ag caint leo, agus bíonn siad ag pleanáil dá réir. Bíonn Diane agus Monique ag seiceáil go rialta go bhfuil gach duine slán sábháilte agus sona sásta. Cuireann siad bréagáin, ábhair nádúrtha, agus earraí tí in uigeachtaí, dathanna, cruthanna agus méideanna éagsúla ar fáil chun céadfaí na leanaí a spreagadh. Cuireann siad grianghraif de na naíonáin agus dá dteaghlach ar taispeáint ar na ballaí, agus ainmneacha na naíonán agus focail amhail *mamáí* agus *daidí* in aice leo. Tá grianghraif de pheataí roinnt de na naíonáin ar an mballa freisin. Bíonn na doirse dubailte amach chuig an ngairdín oscailte go minic agus tá rampa lámhacáin ann do naíonáin ar mhaith leo dul amach. Déantar na naíonáin nach bhfuil in ann lámhacán a dhéanamh a chur in aice na fuinneoige ionas gur féidir leo féachaint ar a bhfuil ar siúl taobh amuigh. Tá suíochán gairdín ann, mar aon le bréagáin rollta, rugaí, agus réimse bréagán agus trealamh eile ar féidir súgradh leo. Déantar na bréagáin agus an trealamh ar fad a sheiceáil go rialta le déanamh cinnte go bhfuil siad sábháilte, agus cuirtear leo go rialta chun réimse spéise gach linbh a fhairsingiú. Déanann Diane agus Monique cinnte go bhfuil siad gar do na naíonáin i gcónaí, agus baineann siad leas as córas oibrí bunriachtanach a fhágann gurb é an duine céanna a thugann aire do gach leanbh chomh minic agus is féidir.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Féiniúlacht agus Muintearas

Suíonn Rachel, oibrí cúram leanaí, ar an urlár i seomra na naíonán le Ciara (12 mhí d'aois) agus le Jack (14 mhí d'aois) agus cabhraíonn sí leo súgradh le chéile agus na cruthanna a chur sa sórtálaí cruthanna. Déanann sí idirghníomhú leo ar bhealach spraiúil agus léiríonn sí conas na cruthanna a roinnt, agus é seo a leanas á rá aici: *Féach, cuireann Rachel isteach cruth amháin, cuireann Ciara isteach ceann eile, agus cuireann Jack isteach ceann eile*. Nuair a dhéanann na leanaí aithris ar na gníomhaíochtaí atá a léiriú ag Rachel, leanann sí uirthi ag cur síos ar a ndéanann siad agus a n-ainmneacha in úsáid aici. Má dhéanann na leanaí iarracht ainmneacha a chéile a rá, tacaíonn Rachel lena n-iarrachtaí, dearbhaíonn sí na hiarrachtaí, agus taispeánann sí conas an t-ainm a rá i gceart.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Cumarsáid

Tá fonn ar Marta, máthair Pema (17 mí d'aois), go bhfásfaidh Pema aníos agus idir Pholainnis agus Bhéarla ar a toil aici. Tá daideo Pema, Thomas, tar éis teacht ón bPolainn chun fanacht le Marta agus le Pema ar feadh míosa. Faoi mar a dhéanann sé i gcónaí, tugann sé roinnt leabhar nua agus bréagán nua do Pema. An uair seo, tugann sé leis bábóg agus gruaig fhada dhubh uirthi. Tugann siad Paula uirthi. Gach iarnóin, suíonn Thomas, Pema agus Paula le chéile sa chistin ag léamh na leabhar nua. Díríonn Thomas a mhéar ar na pictiúir agus deir sé an t-ainm i bPolainnis go bródúil. Déanann Pema aithris air agus féachann air go ríméadach nuair a dhéanann sé meangadh gáire a dhearbhu a cuid iarrachtaí. Bíonn Pema ag freastal ar an naíolann áitiúil idir 9 r.n. agus 1 i.n. trí lá sa tseachtain nuair a bhíonn Marta ag an obair. An mhaidin áirithe seo, tá Thomas, Marta agus Pema ag siúl chuig an naíolann le chéile. Tá Pema agus Paula sa bhugaí. Bíonn an t-am acu stopadh agus féachaint ar rudaí spéisiúla ar an mbealach: madra, otharcharr ag dul thar bráid agus an bonnán agus na soilse ar siúl, díoltóirí bláthanna, agus an séipéal. Tógann Thomas an t-am na nithe a ainmniú agus cuireann sé síos orthu sa Pholainnis nuair a thaispeánann Pema iad, agus déanann sí iarracht roinnt de na focail a rá. Déanann Thomas na focail a rá arís, claonann sé a cheann agus déanann sé meangadh gáire chun Pema a spreagadh. Nuair a shroicheann siad an naíolann, deir Aveen, an cleachtóir, 'heileo' i bPolainnis chun fáilte a chur roimh an teaghlach. Taispeánann Marta an balla teaghlaigh go bródúil dá hathair, áit a bhfuil grianghraf de gach teaghlach sa naíolann mar aon le fógra fáilte i máthairtheanga gach linbh. Tugann Marta agus Thomas póigín agus barróg do Pema, agus tugann Aveen í chuig an bhfuinneog chun gur féidir léi a lámh a chroitheadh chun slán a fhágáil sula súgraíonn siad le Paula.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tá Daniel beag (10 mí d'aois) ag foghlaim conas é féin a tharraingt aníos chun seasamh suas. Tá Monica, a Oibrí Bunriachtanach, ag coinneáil súil ghéar air. Tá roinnt iarrachtaí déanta ag Daniel é féin a tharraingt aníos trí ghreim a fháil ar bhréagán rollta ach, a luaithe a bheireann sé ar an mbréagán, bogann an bréagán agus sleamhnaíonn Daniel ar ais anuas ar an urlár. Tá sé ag éirí mífhoghneach. Déanann Monica cur síos ar a bhfuil á dhéanamh ag Daniel *Tá tú ag iarraidh seasamh suas leat féin, nach bhfuil?* Spreagann sí é chun leanúint ar aghaidh trí mheangadh gáire a dhéanamh agus trína rá leis cé chomh maith is atá ag éirí leis. Sílim gur féidir linn na rothaí sin a stopadh, a deir sí nuair a thiteann Daniel arís eile. Spreagann sí é chun iarracht eile a dhéanamh trína thaispeáint dó nach mbogfaidh an bréagán anois mar tá glas ar na rothaí. Beireann Daniel greim ar an mbréagán in athuair, agus tarraingíonn sé é féin aníos go mall. Ligeann sé béic le teann ríméid le Monica nuair a éiríonn leis seasamh suas. Dearbhaíonn Monica a bhfuil bainte amach aige trí bhualadh bos a thabhairt dó, cur síos a dhéanamh ar a bhfuil déanta aige, agus iarraidh ar a comhghleacaí teacht chun é a fheiceáil. Tacaíonn sí leis go fisiciúil agus go mothúchánach mar gheall ar a ghairne atá sí dó agus an speis mhór a chuireann sí ann. Glacann sí grianghraf níos déanaí sa lá agus Daniel ina sheasamh. Taispeánann sí an grianghraf dó agus baineann sí úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar a éacht mór arís. Taispeánann sí an grianghraf dá dhaid freisin nuair a thagann sé chun Daniel a bhailiú tráthnóna. Ansin, cuireann sí an grianghraf ar taispeáint sa halla agus dáta agus cur síos gearr ar an éacht leis! Stopann máthair Daniel chun féachaint ar an ngrianghraf an mhaidin dár gcionn nuair a fhágann sí ag an naíolann é, agus labhraíonn sí leis maidir lena ndearna sé. Déanann siad gáire lena chéile.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Úsáid an tábla ag deireadh an ghnímh chun do fhreagraí a sheiceáil. Ar aimsigh tú an aidhm agus an sprioc foghlama chéanna is atá liostaithe i gcás gach Eispéiris Foghlama? Murar aimsigh, cén fáth ar roghnaigh tú an aidhm agus an sprioc foghlama áirithe a roghnaigh tú?

Folláine agus Leas

Cuireann Mina fáilte roimh na leanaí agus roimh a dtuismitheoirí nuair a thagann siad chuig an naíonra gach maidin. Tá an teagmháil sin, nach maireann ach cúpla nóiméad, fíorluachmhar dar léi. Is féidir le tuismitheoirí a rá léi dá mba mhaith leo tuilleadh ama a chaitheamh chun caint faoina leanaí agus socraíonn siad am oiriúnach. Cuireann sí in iúl dóibh freisin ag tús na bliana gur féidir glooch fóin a chur uirthi gach lá idir 1 i.n. agus 1.30 i.n. má bhíonn aon imní orthu, nó díreach más maith leo labhairt faoi conas mar atá ag éirí leis an leanbh sa naíonra. Cuireann sí é sin i gcuimhne dóibh go minic, agus is ábhar faoisimh do go leor acu gur féidir leo fanacht i dteagmháil ar an gcaoi sin. Is iad gaolta nó feighlithe leanaí a thugann roinnt de na leanaí chuig an naíonra, agus tá an teagmháil sin ar an bhfón an-luachmhar do thuismitheoirí mar is féidir leo glooch ar Mina ag am lóin.

Thosaigh Mikie (2 bhliain agus 11 mhí d'aois) sa naíonra mí ó shin. Tá Lucy, a mháthair, an-chúthail agus déanann Mina iarracht speisialta dul ag comhrá léi uair sa tseachtain. Taispeánann Mina rud éigin do Lucy, amhail grianghraf de Mikie ag súgradh nó pictiúr atá tarraingthe aige. Úsáideann sí é sin chun Lucy a spreagadh le labhairt faoi Mikie. Fiafraíonn sí faoi na rudaí is maith leis a dhéanamh sa bhaile, agus tugann sí smaointe do Lucy chun cabhrú léi cur lena bhfuil sé a fhoghlaim sa suíomh.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Tháinig Gloria go hÉirinn ó Thuaisceart na Nigéire trí bliana ó shin. Tá Béarla aici agus bíonn sí ag cabhrú i seomra na lapadán maidin Mháirt gach coicís. Tá a garmhac Lee (2 bhliain go leith) ag teacht chuig an naíolann ó mhí Mheán Fómhair, agus bíonn sé i seomra na lapadán. Ar gach cuairt, tugann Gloria rud éigin léi ó Thuaisceart na Nigéire ionas gur féidir leis na leanaí féachaint air, súgradh leis, agus foghlaim faoi. Tá eolas ag Lee ar na rudaí sin ar fad. Tá druma ón Afraic aici inniu. Seinneann sí é agus amhrán ón Afraic á rá aici. Bailíonn na leanaí thart timpeall uirthi. Tá cuid acu ag luascadh anonn is anall, tá cuid eile ag bualadh bos, agus tá cuid eile fós ag damhsa. Glacann Lee agus roinnt dá chairde páirt le roinnt de na focail agus na frásaí atá ann go minic. Déanann na leanaí sealaíocht ar a chéile ina dhiaidh sin chun an druma a sheinm. Tá sé beartaithe ag Gloria roinnt cluichí lasmuigh a imirt leis na lapadán an chéad uair eile. Glacann Sorcha, ceannaire an tseomra, físeán roinnt nóiméad agus taispeánann sí é sin do na leanaí tar éis do Gloria dul abhaile.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Cumars  id

Cail  n beag ci  in agus c  thail is ea Emily (2 bhliain go leith). Freastala  nna s   ar an na  olann   iti  il gach l   nuair a bh  nna a m  thair, ar tuismitheoir aonair   , ag an obair. Nuair a bh  nna s   ag damhsa sa na  olann, tagann athr   ioml  n ar a dreach, agus is r  -shoil  ir go bhfuil   thas agus r  m  ad uirthi. Is iad na hamhr  in *An Baitsil  ir* agus *Deich mbuid  al ghlasa* a thaitn  nna go m  r l  i. Is bre   l  i bheith ag canadh freisin agus ag d  anamh na ngluaiseachta   le haghaidh *I'm a little teapot* agus *Ring-a-ring a rosy*, go h  irithe nuair a chantar sa Laitvis iad. B  nna s   f  in agus a beirt chairde speisialta, Victoros agus Se  n, ag titim thart ag g  ire ag deireadh na n-amhr  n. Is bre   le Victoros a theanga bhaile a chloiste  il sa su  iomh, agus tosa  nna s   ag caint sa Laitvis agus sceitim  n   air nuair a chloiseann s   an Laitvis i rainn.

Is bre   le Emily freisin nuair a luann ceannaire an tseomra na huirlis   ceoil a th  g  il amach. Is aoibhinn l  i bheith ag m  irse  il timpeall an tseomra lena cairde agus go leor ceoil agus gleo a dh  anamh. Taitn  nna s   l  i go h  irithe nuair a bh  nna an deis aici    sin a dh  anamh lasmuigh. Is minic a thaifeadann M  ire, an ceannaire sa seomra, f  se  in de cheol agus de dhamhsa na leana   ionas gur f  idir leis na leana   na heisp  ir   sin a chomhroinnt lena dtuismitheoir  . T   s   t  bhachtach d'Emily    f  in a chur in i  l ar bheala     ags  la. In ainneoin go bhfuil m  istreacht de scoth aici ar theanga, b  nna s   an-chi  in agus    ag idirghn  iomh   le leana   eile, ach is bre   l  i bheith ag damhsa agus ag gluaiseacht le ceol.

**C  n aidhm agus sprioc
foghlama lena mbaineann an
sliocht sin, dar leat?**

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tá Bernadette, leanbh den lucht siúil (2 bhliain agus 10 mí d'aois), díreach tar éis tosú ar theacht chuig an naíonra i lár na bliana. Coinníonn a teaghlach capaill agus bíonn siad ag taisteal chuig aontaí ar fud na tíre. Mar chuid de chruinniú coicísíuil na foirne, pléann na baill foirne céard is féidir leo a dhéanamh chun aistriú Bhernadette chuig an naíonra a éascú. Socraíonn siad ar phóstaeir de chapaill agus d'aontaí a aimsiú le cur ar an mballa. Iarrann siad freisin ar an ionad traenála áitiúil leantóir beag agus láithreán stad beag a dhéanamh lena gcur le limistéar súgartha an domhain bhig. Cuireann siad capaill bhreise le hainmhithe na feirme bige.

Tá Michael (3 bliana d'aois) ina chónaí ar fheirm agus is breá leis gach rud a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht – ainmhithe, tarracóirí, agus leabhair maidir leis an bhfeirmeoireacht. Caitheann Michael tamall fada gach lá ag socrú na feirme agus ag súgradh leis. Socraíonn sé geataí chun na ba a choinneáil sa pháirc agus cinntíonn sé go bhfuil uisce ag na hainmhithe ar fad. Léiríonn an súgradh seo na rudaí ón bhfíorshaol is breá leis a dhéanamh lena Mham agus lena Dhaid. Oibríonn siad beirt ar an bhfeirm. Tá ríméad ar Mhichael faoi na capaill nua atá curtha leis an bhfeirm. Is breá le Bernadette seasamh in aice láimhe agus féachaint ar Mhichael ag súgradh. Suíonn sí in aice leis go minic freisin, ag glacadh páirte i súgradh féachana. Tugann na baill foirne é sin faoi deara.

Tar éis cúpla lá, agus le cúpla nod ó Nora, an ceannaire sa naíonra, cinneann Bernadette páirt a ghlacadh le Michael ag súgradh leis na capaill. Déanann siad cairdeas lena chéile de réir a chéile. Tacaíonn Nora leis sin trí iarraidh orthu rudaí a dhéanamh i mbeirteanna, glanadh suas, mar shampla, agus spreagann sí iad le bheith ag súgradh le chéile lasmuigh. Is breá leo cluichí a bhaineann le capaill. Taitníonn sé sin go mór le Bernadette mar is minic a fhéachann sí ar a Daid i rásaí sulcaithe lena gcapall féin. Uaireanta ligeann Michael air féin gur capall é agus ligeann Bernadette uirthi féin gurb í a Daid í. Beireann Bernadette greim ar a gheansaí agus é ag rith thart. Deir Bernadette hup hup leis agus deir sí leis dul níos moille. Uaireanta, úsáideann Bernadette focail sa Chaintis agus í ag súgradh. Ba bhreá le Nora eolas breise a fháil air sin ó thuismitheoirí Bernadette. Ag an gcéad chruinniú foirne eile, molann sí dá comhghleacaithe roinnt focal Caintise a fhoghlaim agus a úsáid chun cabhrú le Bernadette bheith níos sona agus níos mó ar a compord sa naíonra. Chabhródh sé freisin le leanaí eile eolas níos mó a chur ar shaol an lucht siúil.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Úsáid an tábla ag deireadh an ghnímh chun do fhreagraí a sheiceáil. Ar aimsigh tú an aidhm agus an sprioc foghlama chéanna is atá liostaithe i gcás gach Eispéiris Foghlama? Murar aimsigh, cén fáth ar roghnaigh tú an aidhm agus an sprioc foghlama áirithe a roghnaigh tú?

Grúpa 3: Eispéireas Foghlama do leanaí óga

Folláine agus Leas

Tá leanaí an naíonra lasmuigh maidin seaca. Aimsíonn beirt bhuachaillí, Fiachra agus James (4 bliana d'aois), líontán mór damháin alla. Glaonn siad ar an gcúntóir naíonra, Zola, teacht chun féachaint air. Tá siad faoi dhraíocht ag na dathanna éagsúla. Míníonn Zola dóibh gurb é frithchaitheamh na gréine ar an sioc is cúis leis. Is as an bhFrainc do Zola agus insíonn sí dóibh gurb é *toile d'araignée* a thugtar ar líontán damháin alla sa Fhraincis. Déanann siad gáire faoi iarrachtaí a chéile é sin a rá! Fiafraíonn sí de na buachaillí ar mhaith leo grianghraf a ghlacadh den líontán, agus ritheann siad isteach chun an ceamara a fháil, an bheirt acu ag iarraidh an duine eile a shárú. Uaslódálann Zola an grianghraf chuig an ríomhaire. Féachann na buachaillí go grinn air, ag iarraidh déanamh amach conas a rinne an damhán alla an líontán. Deir na buachaillí le Zola gur mhaith leo féin líontán a dhéanamh freisin. Bailíonn siad ábhair éagsúla lena n-áirítear gliú, páipéar, marcóirí, sreangán, olann, agus scragall stáin. Caitheann siad tamall fada ag déanamh a líontán, agus glacann siad grianghraif díobh go bródúil. *Ils sont magnifiques, quelles couleurs* (Nach álainn iad, féach ar na dathanna), a deir Zola. Tar éis an lóin, ritheann na buachaillí amach chun féachaint ar an líontán ach níl sé éasca teacht air toisc go bhfuil an t-oighear leáite. Tá díomá orthu. I rith am ciorcail, pléann an grúpa conas a leánn oighear agus sneachta agus conas nach raibh sé éasca ag Fiachra ná ag James teacht ar an líontán mar gheall ar an oighear leáite. Tugann leanbh eile DVD maidir le damhán alla isteach an lá dár gcionn. Féachann siad ar fad ar an DVD. Sna seachtainí ina dhiaidh sin, déanann roinnt leanaí tionscadail ar dhamháin alla, agus féachann cuid eile acu ar oighear.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Féiniúlacht agus Muintearas

Inniu, tá na leanaí sa naíonra áitiúil ag tarraingt pictiúr dá dteaghlach. Nuair a chríochnaíonn siad a bpictiúr, iarrann Dervla, an ceannaire seomra, orthu insint do na leanaí eile ag a mbord faoina bpictiúr féin. Tarraingíonn Amer pictiúr dá mháithreacha agus dá dheartháir níos sine. Tarraingíonn Alan pictiúr dá mham, dá dhaid, agus dá mhadra. Tarraingíonn Diarmuid pictiúr dá dhaid agus dá mham agus bolg mhór uirthi le leanbh nua ann, agus tarraingíonn Emma pictiúr dá mam agus dá hiasc órga sa bhaile agus pictiúr dá daid lena theaghlach eile ina dteach siúd. Téann Dervla ar a glúine in aice gach beirte. Éistean sí, deir sí rud éigin, agus uaireanta cuireann sí ceist. Trí bhíthin an eispéiris sin, tosaíonn na leanaí ar thuiscint a fhorbairt ar na héagsúlachtaí idir a saol teaghlaigh agus baile féin agus saol na leanaí eile.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Cumarsáid

Chaill Sonia amach ar go leor den scoil nuair a bhí sí óg. Mar thoradh air sin, bhí deacrachtaí léitheoireachta aici agus bhí sé deacair uirthi déileáil le faisnéis i scríbhinn. Nuair a chuir naíscoil a leanaí nótaí abhaile, b'éigean di iarraidh ar dheirfiúr léi na nótaí a léamh di. Le himeacht ama, chuir sí aithne ar Maggie, tuismitheoir eile. Thug Maggie uirthi dul in éineacht léi chuig na ranganna i seomra na dtuismitheoirí. Bhí naíonra i seomra in aice láimhe arbh fhéidir le lapadán Sonia fanacht ann. Roghnaigh Sonia agus Maggie cúrsa ceardaíochta do thosaitheoirí. Bhí Evan, mac Sonia a bhí ceithre bliana d'aois, sona sásta í a fheiceáil ag teacht isteach chuig a naíscoil. Thaitin an cúrsa le Sonia agus mhothaigh sí muiníneach chun labhairt le cleachtóir Evan. Ina dhiaidh sin, d'fhreastail sí ar chúrsa tuismitheoireachta agus mheas sí go raibh sí ábalta cur go mór leis óna taithí féin. An múinteoir a d'eagraigh na cúrsaí di spreag sí í freisin chun clárú i rang litearthachta do dhaoine fásta. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag Sonia. Is breá léi leabhair a léamh dá leanaí agus bíonn sí ag súil le nótaí ag teacht abhaile leo mar is féidir léi iad a léamh í féin anois.

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tá an cúpla Claire agus Robert (beagnach 3 bliana d'aois), Lauren (3 bliana go leith) agus Oisín (4 bliana) ag súgradh leis na tarracóirí, na leantóirí agus na tochtóirí lasmuigh. Tá siad gnóthach ag tochaíl na mbunsraitheanna le haghaidh teach nua atá á thógáil acu. Tá dhá leantóir líonta acu le cré fhliuch agus le clocha. An chéad rud eile atá le déanamh acu an t-ábhar sin a iompar chuig an limistéar dumpála, atá ar an taobh eile de réimse féir. Imíonn Oisín agus Claire leo ar na tarracóirí. Tuigeann siad go tapa nach mbogfaidh na rothaí, is cuma cé chomh láidir is a bhrúnn siad na troitheáin. Tá an talamh míchothrom agus tá ualaí troma acu! Tugann Robert agus Lauren le tuiscint go mb'fhéidir gur láidre iadsan. Déantar na tiománaithe a mhalartú, ach ní réitíonn siad an fhadhb.

Tosaíonn siad ar roinnt den ualach i leantóir amháin a fholmhú. Cabhraíonn sé sin de bheagán, ach bíonn iarracht mhór de dhíth i gcónaí chun rothaí an tarracóra a chur ag gluaiseacht. Iarrann Claire ar cheannaire an naíonra, Rosaleen, teacht chun súil a chaitheamh air. Téann Rosaleen ar a glúine le féachaint ar a bhfuil ag tarlú. Léimeann Claire ar an tarracóir agus brúnn sí síos ar na troitheáin le hiomlán a nirt. "Féach, tá an tarracóir sáinnithe", a mhíníonn Claire. Fógraíonn Rosaleen: **A thiarcais! Cén fáth nach bhfuil na rothaí sin ag casadh?** Tá Jamie (4 bliana d'aois) ag seasamh in aice láimhe agus, ar chloisteáil an chomhrá dó, tagann sé anall chucu agus féachann sé ar rothaí na dtarracóirí. **Úsáideann Daideo rudaí móra adhmaid nuair a bhíonn a tharracóir sáinnithe sa phuiteach**, a mhíníonn sé. **An féidir linne é sin a dhéanamh, a Rosaleen?** a fhiafraíonn Robert. Le cabhair ó Rosaleen, aimsíonn siad bosca cairtchláir mór agus gearrann siad é ina stiall fhada. Nuair a thuigeann siad nach bhfuil an stiall fada go leor chun dul thar an bhféar ar fad, gearrann siad ina dhá leath é chun cosán fada a dhéanamh. Oibríonn an cúigear leanaí le chéile chun an tarracóir a ionramháil ar an gcairtchlár. Léimeann Claire ar ais ar an tarracóir agus brúnn sí síos ar na troitheáin arís. Go mall, tosaíonn an tarracóir ag bogadh, rud a chuireann lúcháir mhór orthu ar fad. Go luath, tá an bóthar cairtchláir nua in úsáid ag tionlacan tarracóirí, agus cuirtear an chré agus na clocha sa limistéar dumpála. Agus na leanaí ag súgradh le chéile, pléann Rosaleen leo conas a chabhraigh an cairtchlár leis na tarracóirí bogadh. Tarlaíonn comhrá iomlán ar an bhfrithchuimilt ansin!

Cén aidhm agus sprioc foghlama lena mbaineann an sliocht sin, dar leat?

  s  id an t  bla th  os chun do fhreagra   a sheice  il. Ar aimsigh t   an aidhm agus an sprioc foghlama ch  anna is at   liostaithe i gc  as gach Eisp  iris Foghlama? Murar aimsigh, c  n f  th ar roghnaigh t   an aidhm agus an sprioc foghlama   irithe a roghnaigh t  ?

Gn  m   C: Freagra  

Eisp��ireas Foghlama do na��on��in	Aidhm agus sprioc foghlama
<i>Foll��ine agus Leas</i>	1.1
<i>F��ini��lacht agus Muintearas</i>	1.3
<i>Cumars��id</i>	2.6
<i>Taisc��ala��ocht agus Smaointeoireacht</i>	4.4

Eisp��ireas Foghlama do lapad��in	Aidhm agus sprioc foghlama
<i>Foll��ine agus Leas</i>	1.3
<i>F��ini��lacht agus Muintearas</i>	2.2
<i>Cumars��id</i>	4.3
<i>Taisc��ala��ocht agus Smaointeoireacht</i>	2.5

Eisp��ireas Foghlama do leana�� ��ga	Aidhm agus sprioc foghlama
<i>Foll��ine agus Leas</i>	3.3
<i>F��ini��lacht agus Muintearas</i>	2.2
<i>Cumars��id</i>	3.2
<i>Taisc��ala��ocht agus Smaointeoireacht</i>	2.3